



Provided by the author(s) and University College Dublin Library in accordance with publisher policies., Please cite the published version when available.

Title	Pádraig Mac a Liondain: bard bhí i stát ins an chrích seo
Authors(s)	Ní Úrdail, Meidhbhín
Publication date	2018-08-01
Publication information	Mac Cathmhaoil N., Nic Cathmhaoil M., Mac Seáin C. (eds.). Súgáin an dúchais: aistí ar thraidisiún liteartha Uladh
Publisher	Guildhall Press
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/9607

Downloaded 2019-03-23T05:06:08Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)



Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Published in Nioclás Mac Cathmhaoil, Máire Nic Cathmhaoil, Conal Mac Seáin (ed.), *Súgán an dúchais: aistí ar ghnéithe thraidisiún liteartha Chúige Uladh i gcuimhne ar Dhiarmaid Ó Doibhlin* (Derry: Guildhall Press, 2018), 239–60

Pádraig Mac a Liondain: *bard a bhí i stát ins an chrích seo* Meidhbhín Ní Úrdail

RÉAMHRÁ

Ó cheantar an Fheadha i ndeisceart Ard Mhacha don bhfile Pádraig Mac a Liondain.¹ Is féidir dataí a bheatha a bheachtú a bhuíochas ar fhile eile ón Fheadh a bhí comhaimseartha leis, Fearghas Mac an Bheatha (*fl.* 1700), agus a bhuíochas fós ar ghearrchuntas beathaisnéise le Nioclás Ó Cearnaigh (*c.* 1802–*c.* 1865) ina dhiaidh sin in ARÉ LS 23 N 33. Ina thuireamh in ómós dá charaid dar tús ‘A sheanchríoch Fáil, is gnách gach léan ort’, is mar seo a chuir Mac an Bheatha é:

Seacht gcéad déag an ré a dheachtaím daoibh,
is triocho ina dhiaidh an réim go beacht is trí,
ó theacht Mhic Dé dár saoradh go ceart is trí mhí,
go Pádraig a dhul a dh’éag, mo léan, san feart faoi liag.²

Is é ‘an feart’ a ainmnítear in áit eile sa tuireamh céanna ná Cill an Chreagáin in aice le baile Chrois Mhic Lionnáin, Co. Ard Mhacha. D’áitigh Nioclás Ó Cearnaigh gur cailleadh Mac a Liondain ‘in April 1733 in the 68th year of his age’, más fíor, rud a fhágfadh gur timpeall na bliana 1665 a rugadh é.³

Is áirithe go raibh meas forleathan ar Mhac a Liondain mar fhile i measc fhilí agus scoláirí Gaeilge Oiriaila. Ar bhás Airt Óig Uí Néill i mbliain a 1769, cuirim i gcás, fear a bhí gníomhach sa ghluaiseacht talún ‘Buachaillí na Daire’ (*Oakeboys* nó *Hearts of Oak*),⁴ chum Art Mac Cumhaigh (*c.* 1738–73) marbhna iomráiteach air dar tús ‘Tar éis mo shiúil fríd chúigibh Éireann’ inar thagair sé do thriúr mórfhilí an Chreagáin, mar atá Mac a Liondain féin, chomh maith le Séamus Dall Mac Cuarta (*c.* 1647–1733) agus Randall Dall Mac Domhnaill (*fl.* 1700–20). Murab ionann agus é féin agus é ina ‘bhraon scartha’

¹ Leagan ciorraithe den sloinne Mac Giollafhiondain (*anglice* MacAlinden), sloinne a bhí coitianta go speisialta in Ard Mhacha agus sa Dún; feic Edward MacLysaght, *More Irish families* (Dublin, 1982), 23.

² Seosamh Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain: dánta* (Baile Átha Cliath, 1977), uimh. 1, ll. 111–14. Mar le Mac an Bheatha, feic Gearóid Trimble, ‘Poets, minor poets and poetasters in Oiriaila — a chronological account of the Gaelic poetic tradition of south-east Ulster’, *County Archaeological and Historical Journal* 27/3 (2011), 436–47 (ag 439); Gearóid Trimble, ‘Fílí, mionfhilí agus rannairí in Oiriaila’ in Réamonn Ó Muireadhaigh (eag.), *Féilscribhinn Anraí Mhic Giolla Chombaill: tráchtas léanta in ónóir don Athair Anraí Mac Giolla Chombaill* (Baile Átha Cliath, 2011), 45–65 (ag 51).

³ ARÉ LS 23 N 33, lch 50; cé nár chuir an Cearnach aon dáta ná síniú leis an lámhscríbhinn seo, is léir ón bpeannaireacht féin gurbh é a bhreac.

⁴ Maidir le an gluaiseacht talún seo a tháinig chun cinn ar dtús i measc fheirmeoirí agus fhíodóirí Ard Mhacha i mbliain a 1763 agus a scaip go tapaidh go contaetha eile in Ultaibh ina dhiaidh sin, feic James S. Donnelly, ‘Hearts of Oak, Hearts of Steel’, *Studia Hibernica* 21 (1981), 7–73 (ag 7–22); Eoin Magennis, ‘A “Presbyterian Insurrection”? Reconsidering the Hearts of Oak disturbances of July 1763’, *Irish Historical Studies* 21 uimh. 122 (1998), 165–87; Eoin Magennis, ‘County Armagh Hearts of Oak’, *Seanchas Ard Mhacha* 17/2 (1998), 19–31.

dréim leis an dílinn', táid a dtriúr fén bhfód ach dá mairfidis is iad a chaoineadh an marbh go breá ar fad, gnó atá fágtha fé Mhac Cumhaigh amháin anois, is oth leis:

Dá maireadh na baird bhí i stát ins an chrích seo,
bheadh Séamas Mhac Cuarta go stuama ' cur síos duit,
Pádraig Mhac Aliondain ag rannsú gach líne,
Randall Dall Mhac Dónaill le heolas dá míniú;
ó chuaigh siad faoi fhód, níl beo le do chaoineadh,
ach mise, 'mo bhraon scartha ' dréim leis an dílinn.⁵

Ní foláir, leis, nó bhí ardmheas ar Mhac a Liondain ag an Athair Pól Ó Briain (*ob.* 1820). Tar éis a cheaptha mar Ollamh le Gaeilge i Maigh Nuad i mbliain a 1804, thug sé dileagra do mhic léinn an choláiste ar mheath na teangan agus níorbh fholáir leis línte filíochta a lua a thagair sé do Mhac a Liondain:

Ach le linn na haoise déanaí, agus is dubhrónach liom a rá, claonadh dreach na Gaeilge, d'éalaigh a scéimh, mhaolaigh a faobhar, tháinig teimheal ar a gnúis, in aon fhocal chuaigh sí faoi smúid dhoilíosach, ar mhódh gur féidir a rá leis an bhfile faobhrach géarfhoclach Mac an Lionduinn:

Go ndeachaidh an drithle faoi cheo,
is nach bhfuil beo ach an teimheal.

Is fíor seo go deimhin, de bhrí nach maireann i láthair ach beagán ag a bhfuil fios nó tuigse na Gaeilge, gidh go bhfuil i gcoimhead nó i dtaisce acu, mar lón mór-luach, tionóil na ndraoithe agus scríbhneoireacht na scoltaí a meabhradh anallód.⁶

Bhí Ó Briain beagán amú, áfach, nuair a mheas sé gurbh ó Mhac a Liondain an t-áiteamh 'faobhrach géarfhoclach' seo. Macalla atá ann le ceart ó línte sa mharbhna le Mac Cumhaigh ar Art Óg Ó Néill a luadh thuas, mar atá: 'Chuaigh an drithle faoi cheo 's níl beo 'san aoibheal [*recte* éabhal]'.⁷ Ar a shon san is uile, díol suime fós féin is ea é gurbh é Mac Liondain ba thúisce a rith le Pól Ó Briain agus na línte filíochta seo á n-ionramháil isteach ina chaint phoiblí aige dá chuid mac léinn.

Teist Mhic a Liondain mar scríobhaí cumasach is mó a chuaigh i bhfeidhm ar Nioclás Ó Cearnaigh mar go raibh ar a chumas, dar leis, téacsáí filíochta a bhreacadh síos go cruinn agus go sciliúil. 'Reacadóir na mBárd' ab fhearr aithne air i measc a mhuintire féin dá réir:

Owing to the rigour of the penal laws several bards could not commit their compositions to writing but the learned and patriotic Lindon corrected, where necessary, and copied them; hence he was usually called Reacadoir na mbárd, the Publisher of the works of the Bards, and well he did it; for the transcripts he made

⁵ Tomás Ó Fiaich, *Art Mac Cumhaigh: dánta* (Baile Átha Cliath, 1973), uimh. 21, ll. 235–40; maidir le hArt Óg ó pharóiste an Chreagáin a bhásaigh in Iúil na bliana 1769 in aois a sé bliana fichead, feic Ó Fiaich, *Art Mac Cumhaigh* 160–1. Tá aistriúchán Béarla ar an véarsa thuas ag L.P. Murray, 'The history of the parish of Creggan in the 17th and 18th centuries', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 9/2 (1938), 135–61 (ag 157–8).

⁶ Diarmaid Ó Muirithe, 'An tAthair Pól Ó Briain', *Léachtaí Cholm Cille* 23 (1993), 8–43 (ag 26) as LS 6 (leathanach neamhuimhrithe) i mbailiúchán Uí Laifeartaigh, Coláiste Mhaolmhaodhóg, Béal Feirste (= LS F i gcuntas Eoin Mhic Néill, 'The O'Laverty manuscripts', *Irisleabhar na Gaedhilge* 16 (Meadhon Foghmhair 1906), 193–4; feic leis, Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, xix.

⁷ Ó Fiaich, *Art Mac Cumhaigh*, uimh. 21, l. 48.

prove that he was the most skilful prosodian of his time, a branch of Bardic learning much neglected then and since in the other provinces of the Island, as the writings of their best bards even testify.⁸

Ina dhiaidh sin féin, ní heol aon rian inniu de théacsaí scrípte dá sórt ó lámh Mhic a Liondain a bheith tagtha anuas chugainn.

Pádraig ‘na cláirsí’ Mac a Liondain ab fhearr aithne air, dar le Ó Cearnaigh, toisc a fheabhas a thug sé seinniúint na cruite leis.⁹ Féach mar sin gur ‘saoi na maothmhéar binn / is treise fonn ar théada’ an moladh air a thug Pádraig Ó Prontaigh (*fl.* 1730), file agus scríobhaí ó pharóiste Bhaile Mhic Scanláin, Co. Lú. Binneas ceoil a chláirsí a chuaigh i bhfeidhm ar An Dall Mac Cuarta mar go ‘maothaíonn fearg go fíor chun féile’ agus go gcorraíonn sé an croí ‘in am na guaise’.¹⁰ Go deimhin, chum Mac a Liondain dán ómóis do Dhall iomráiteach eile a linne, do Thoirdealbhadh Ó Cearbhalláin (1670–1738), inar admhaigh sé sa véarsa tosaigh gur mhór ba mhian leis go ndéanfaí cláirseach de féin chun go seinnfeadh an máistir seinnteora agus ‘daltán éigse Banba’ port air:

Mo chreach is mo léan ó fhearta Dé
nár theagaimh mé im dhealbhchruit,
ní mar gheall ar shéada ach mar gheall ar mhéara
dhaltán éigse Banba;
nó go nglacfadh sé mé ina ucht go séimh
ar aiste an Ghaeil ghlain Cearúll,
is thiocfainn féin dá fhios i gcéin
mar rinne an rébhean Farbhlaidh.¹¹

Muna ndéanfaí cláirseach féin de, áfach, samhlaíonn an file go meallfaí é i dtreo an cheoltóra pé scéal é, ar chuma Fharbhlaidhe, ‘an rébhean’ thuas, a thit i ngrá leis an bhfile Cearbhall Ó Dálaigh toisc feabhas a chuid ceoil sa scéal rómánsaíochta *Bás Cearbbaill agus Farbhlaidhe*. Ní miste a lua go cliathánach anseo gur roghnaigh Mac a Liondain scéal próis a raibh an-iarraidh air ón seachtú go dtí an naoú céad déag i measc scríobhaithe Ultacha. Agus, níos sia síos sa dán, is léir anáil na sraithe próis Ultaí i dtagairtí don ‘bhrú sin Mheadhbha’ a bheith fé dhraíocht ag ceol na cláirsí, mar aon leis an bhfile agus conas mar a bhí aige mar gur ‘ibh mé féin deoch dearmaid’. Ní heol dúinn ar bhuail Mac a Liondain agus Ó Cearbhalláin le chéile riamh, ach má bhuail, is é is dóichí ná gur timpeall na haimsire céanna le cuairt Uí Chearbhalláin ar Shéamas Dall Mac Cuarta i gCo. Lú i mbliain a 1732 a tharla san.¹²

⁸ ARÉ LS 23 N 33, lgh 49–50.

⁹ ARÉ LS 23 N 33, lgh 47–8; ARÉ LS 24 L 25, lch 119. Ní dóigh liom (*pace* Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, xvii–xviii, 58, 93–4) gurbh é Matthew Moore Graham a bhreac an dara lámhscríbhinn seo. Níl aon deimhniú ar an scríobhaí sa chuntas catalóige (*RIA Cat.*, 2548), mar shampla, mar a ndeirtear go bhfuil an pheannaireacht an-chosúil le peannaireacht Niocláis Uí Chearnaigh in ainneoin ‘M.M.G.’ a bheith le fáil inti chomh maith. Measaimse gurbh é Ó Cearnaigh an scríobhaí; feic, leis, Breandán Ó Buachalla, ‘Peadar Ó Doirín agus lucht scríte a bheatha’, *Studia Hibernica* 5 (1965), 123–54 (ag 148, 149). Mar le heolas ar Matthew Graham (1805–82), feic Énrí Ó Muirgheasa, ‘Mata Mórdha Ua Graeme’, *Éigse* 1 (1939), 183–4.

¹⁰ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimhreacha 21b, ll. 1–2, agus 21a, l. 3, fá seach.

¹¹ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 7, ll. 1–4.

¹² Maidir leis an gcúairt féin agus an t-amhrán a dúirt Mac Cuarta in ómós dá chuariteoir dar tús ‘Dhá mhilliún déag fáilte dhaobhbh’, feic Nollaig Ó Muraíle, ‘Toirialach Ó Cearúlláin’, *Léachtaí Cholm Cille* 4 (1975), 57–87 (ag 70–1).

CÚRSAÍ CANÓNA

I bhfoilseacháin luatha ar stair liteartha na Gaeilge ón ochtú agus ón naoú céad déag, san áit ina gcasann an plé ar litríocht Chúige Uladh sa tréimhse iarchlasaiceach, tá sé inspéise go dtógtar ceann fé leith do Mhac a Liondain. Bhí Joseph Cooper Walker agus Charlotte Brooke araon ar an eolas mar gheall ar Mhac a Liondain an file. I dtuairim Walker, cuirim i gcás, ‘twinkling star’ a bhí ann i gcomparáid le héigsíní nó ‘stellae minores’ eile, agus d’fhoilsigh sé an déantús macarónach *Angelical Maid* le Mac a Liondain ‘for its singularity’.¹³ D’fhoilsigh Brooke *Inghéan Tais na mBánchíoch*, amhrán grá ar bhean anaithnid, ina saothar súd, *Reliques of Irish Poetry* (1789), agus is cosúil gurbh é Muiris Ó Gormáin (c. 1710–c. 1794) a chuir an téacs Gaeilge ar fáil di.¹⁴ ‘Song by Patrick Linden’ an teideal a chuir Brooke ar an aistriúchán Béarla a sholáthraigh sí dá léitheoir, cé nach aistriúchán ar an téacs Gaeilge le ceart atá anseo aici ach téacs nua ar fad a ngabhann cúig véarsa déag ina iomláine leis.¹⁵ Sa chéad leath den naoú céad déag, thagair Edward O’Reilly do ‘Patrick Lindon’ ina chur síos ar isteach is amach le ceithre chéad scríbhneoir Gaeilge, agus, ‘a sweet lyric poet’ a bhí ann dar le James Hardiman ‘whose productions display considerable genius’.¹⁶ Go deimhin, siúd is gur beag é an trácht ar fhilí an tuaiscirt ag Dubhghlas de hÍde ina *magnum opus* ar thraidisiún liteartha na nGael a foilsíodh i ndeireadh na haoise céanna, dob iad Mac Cumhaigh, Mac Cuarta agus Mac a Liondain fós féin, dar leis, an triúr ba mhó cáil in Oiriaila.¹⁷

Ar a shon san thuas, níorbh ionann i dtús báire an aird a thug scoláirí Gaeilge ar fhilí Oiriaila an ochtú agus an naoú céad déag i gcomparáid leis an tsuim a cuireadh i bhfilí ón tréimhse chéanna ama i líomataistí eile sa tír — go háirithe iontu san i gCúige Mumhan. Cúis cháinte ab ea é sin ag Art Mac Bionaid (1793–1879) nuair a scrúdaigh sé a raibh d’ábhar sa leabhar *Reliques of Irish Jacobite Poetry* le Seán Ó Dálaigh tar éis a fhoilsithe i mbliain a 1844. Spreag fócas an leabhair sin Mac Bionaid chun *Filí na Mumhan* a chumadh, dán dar tús ‘Is ard an chéim do-bheir Seán Ó Dálaigh / do ollaimh is do bhaird na tíre thuas’, inar chuir sé go neamhbhalbh i leith an Dálaigh gur ‘shéid sé galltrumpa láidir / le Mac Domhnaill Clárach is Ó Súilleabháin Rua’, ach gan aon mhórardh dá shórt a bheith déanta aige ar Ultaigh. B’olc an díol ón Dálach ar fhilí cumasacha an tuaiscirt é, dar le Mac Bionaid, ina measc san ar an triúr fé leith úd na milisbhriathra:

Cá bhfuil an mhíl a bhí ag tonnadh anuas
le Doirnín na gcuach is na siolla mín,
Mac Alinduin a thógfadh gruaim

¹³ Joseph Cooper Walker, *Memoirs of the Irish Bards* (Dublin, 1786), 101.

¹⁴ Níoclás Mac Cathmhaoil, *Muiris Ó Gormáin. Beatha agus saothar* (Indreabhán, 2013), 35.

¹⁵ Charlotte Brooke, *Reliques of Irish Poetry: consisting of heroic poems, odes, elegies and songs* (Dublin, 1789), 318, 255–8, fá seach, go bhfuil a mhacasamhail ar fáil in Lesa Ní Mhungaile, *Charlotte Brooke’s Reliques of Irish Poetry* (Baile Átha Cliath, 2009).

¹⁶ Edward O’Reilly, ‘A chronological account of nearly four hundred Irish writers with a descriptive catalogue of their works’, *Transactions of the Ibero-Celtic Society* 1/1 (1820), ccxxii; James Hardiman, *Irish minstrelsy, or bardic remains of Ireland; with English poetical translations I* (London, 1831), xxii–xxiii.

¹⁷ Douglas Hyde, *A literary history of Ireland from the earliest times to the present day* (New York, 1899), 604–5.

nó an Dall Mac Cuarta thug clú gach tír?¹⁸

I nóta léirmhíithe ar a dhán, chuir Mac Bionaid an scéal ar an lic d'aon duine a mheasfadh a mhalaírt: 'Daly has stiled Seaghan Clárach the prince of Irish poets, without any dread of having his tongue burned through with a hot iron, or being branded on the forehead with the same instrument for retaining a falsehood'.¹⁹ Chun a cheart a thabhairt do Sheán Ó Dálaigh, áfach, dob iad na hamhráin Sheacaibíteacha agus canúint Ghaeilge na Mumhan crann tiomána a chuidse scoláireachta: tá a chruthú san sa dá shaothar ba mhó a bhunaigh a cháil, *Reliques of Irish Jacobite Poetry* thuas agus *Poets and Poetry of Munster* (1849). Dá éagmais sin, agus, i gcás Oiriaila go speisialta, bheadh trí fichid éigin bliain fós le dul tar éis fhoilsiú an dá leabhar úd an Dálaigh sara dtiocfadh fiú *foinsí lámhscríbhinne* na filíochta a cumadh in Oiriaila chun solais i gceart, foinsí fhilíocht Mhic a Liondain san áireamh. Léas léargais an-mhaith sa treo san, measaim, is ea an sliocht seo a leanas as cuntas dar teideal 'The Modern Irish Poets of Oriel, Breffni, and Meath' a cuireadh i gcló i mblianta tosaigh na haoise seo caite sa chéad imleabhar d'iris chumann seandálaíochta Cho. Lú. Énrí Ó Muirgheasa (1874–1945), scoláire a chuir mórán de shaibhreas liteartha Oiriaila ar na súilibh do phobal na Gaeilge, atá ag caint anseo:

Fortunately about a year and a half ago, I discovered and got possession of all that was left of the great MS. Collection of Matthew Moore Graham of Dundalk. He had been a life-long student of Irish literature, and had amassed together a very large number of Irish MSS; but after his death a servant maid began using the old books for lighting the fires, and before her action was discovered they had all been reduced to ashes except thirteen. In these thirteen MSS. I found a great many pieces of those poets in whom I was interested. Since then I have come across some County Monaghan MSS., and also one or two in Meath, while I have the loan of others from members of the Gaelic League; and a most valuable collection belonging to Monsignor O'Laverty, P.P., M.R.I.A., Holywood, Co. Down, has been shown to me by Mr. John MacNeill. Besides these I have made the acquaintance of Nicholas O'Kearney's great work, and some others in the Royal Irish Academy as well as the MSS. in the library of Lord Rossmore [Monaghan].²⁰

Is féidir teacht inniu ar na foinsí a luann an Muirgheasach anseo in Acadamh Ríoga na hÉireann, sa Leabharlann Náisiúnta agus sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i gColáiste Naomh Maolmhaodhóg i mBéal Feirste agus i Leabharlann agus Cartlann Chuimhneacháin an Chairdinéil Tomás Ó Fiaich, Ard Mhacha; agus, is léir óna bhfuil iontu d'ábhar gur bunfhoinsí tábhachtacha na filíochta Oiriailaí iad seo trí chéile. Ní go dtí blianta tosaigh an fichiú céad, áfach, a chuir Ó Muirgheasa aithne ar na foinsí seo, agus luigh sé chun oibre d'fhonn a raibh iontu de sheoda liteartha a fhoilsiú — i dtosach

¹⁸ Tomás Ó Fiaich & Liam Ó Caithnia, *Art Mac Bionaid: dánta* (Baile Átha Cliath, 1979), uimh. 18, ll. 9–12; Énrí Ó Muirgheasa, *Céad de cheoltaibh Uladh* (Baile Átha Cliath, 1915), uimh. 93, ll. 9–12; Lorcán Ó Muireadhaigh, 'O'Kearney, O'Daly, and Bennett', *Éigse* 2 (1940), 79–83 (ag 82).

¹⁹ Ó Muirgheasa, *Céad de cheoltaibh Uladh*, 314; Ó Muireadhaigh, 'O'Kearney, O'Daly, and Bennett', 83.

²⁰ Henry Morris, 'The Modern Irish poets of Oriel, Breffni, and Meath', *Journal of the County Louth Archaeological Society* 1 (1904–07), 54–9 (ag 55–6); cuireadh an aiste seo i gcló arís in *The Dundalk Democrat* (29 Deireadh Fómhair 1904). Maidir le leagan eile ar an scrios a déanadh ar na lámhscríbhinní thuas, feic Ó Muirgheasa, 'Mata Mórdha Ua Graeme', 184. Fuair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann seilbh ar lámhscríbhinní Rossmore i mbliain a 1946, i.e. LNÉ G 447–G 464 inniu; feic Nessa Ní Shéaghda, *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland*, fasc. x (Dublin, 1987), 23–55.

báire in eagrán éagsúla den gcéad nuachtán áitiúil i gCo. Lú, *The Dundalk Democrat* (1903–05), agus ina dhiaidh sin ina dhuanairé tábhachtach *Céad de Cheoltaibh Uladh* (1915).²¹

Is in *Céad de Cheoltaibh Uladh*, leis, a foilsíodh an dán cáinte úd Mhic Bhionaid ar Sheán Ó Dálaigh i gcéad uair, agus ní miste tagairt don méid seo a leanas a bhí le rá ag Ó Muirgheasa mar gheall ar chomhthéacs a chumtha:

This poem [*Filí na Mumban*] is from a MS. of Art Bennett's now in my possession,²² and shows us what a northern scribe thought of the poets of the south. ... These opinions, narrow and provincial as they are, are however somewhat refreshing in an age when Munster has arrogated to itself almost the entire credit for any modern Irish literature that exists. ... Bennett was very devoted to the northern poets, particularly those he mentions in the poem — Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac Alinduin (Mac Giolla Fhionndain ?), and Seumas Mac Cuarta, popularly known as An Dall Mhac Cuarta.²³

Má bhí, dar le Ó Muirgheasa, an Mhumhain ag glacadh na seilbhe, go fiú na creidiúna, chuici féin, chuirfeadh sé siúd agus scoláirí eile ina dhiaidh an scéal ina cheart.²⁴ I gcás Mhic a Liondain, mar shampla, chuir Éamonn Ó Tuathail formhór na filíochta leis i gcló, ag tosnú lena dhán molta ar Shéamas Dall Mac Cuarta dar tús 'A leannáin fíre na sua' a foilsíodh in *An Claidheamb Solais* (29 Aibreán 1916), agus d'fhoilsigh sé dornán dánta eile ina dhiaidh sin in imleabhair éagsúla de *An tUltach* idir na blianta 1925 agus 1928. I dteannta na coda san, chuir sé trí dhéantús filíochta le Mac a Liondain i gcló ina chnósach *Trí Rainn agus Ambráin* (1923). Chuir Séamus Ó Casaide an file san áireamh ina chuntas ar shaothrú na Gaeilge i mBéal Feirste agus sa Dún — ach nach sa Dún a saolaíodh Mac a Liondain féin, dar ndóigh, rud a thugann an Casaideach le fios agus é, is cosúil, ag leanúint Énrí Ó Muirgheasa.²⁵ D'fhoilsigh An tAthair Seosamh Mag Uidhir an t-amhrán molta *A Rí Lér Fuasclaíodh* a chum Mac a Liondain in ómós d'Aodh Mac Mathghamhna, Ardeaspag Ard Mhacha (1715–37), agus tá dán eile fós leis in ómós don Athair Feidhlim Ó hAnluain (*fl.* 1730) in ógláchas deibhí i gcló ag Tomás Ó Fiaich agus

²¹ 'The most popular ballad of south-east Ulster [Úr-chill an Chreagáin]' *The Dundalk Democrat* (17 Deireadh Fómhair 1903); 'Another Irish ballad [Níl sé 'na Lá]' *The Dundalk Democrat* (24 Deireadh Fómhair 1903); 'Úr-chnoc Chéin Mhic Cáinte' *The Dundalk Democrat* (14 Samhain 1903); 'Ulster songs [Aonach na Grike, Caoin an tSiostalóra, Aisling Airt Mhic Cumhaigh]' *The Dundalk Democrat* (28 Samhain 1903, 12 Nollaig 1903, 22 Deireadh Fómhair 1904); 'Irish songs [aistriúchán le Matthew Graham ar *Had I a Heart for Falsehood Framed* le Richard Brinsley Sheridan]' *The Dundalk Democrat* (5 Nollaig 1903); 'A popular Meath song [An Bás agus an Cláiríneach]' *The Dundalk Democrat* (17 Nollaig 1903); 'A Meath song [The Angelical Maid 'attributed to "O'Linen of Farmanagh", a contemporary of O'Carolan]' *The Dundalk Democrat* (12 Samhain 1904); 'Comhairle Cholm Cille' *The Dundalk Democrat* (17 Meitheamh 1905, 24 Meitheamh 1905, 1 Iúil 1905).

²² LS 20 i gcnósach lámhscríbhinní Uí Mhuirgheasa atá ar coimeád inniu sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Bailiúchán ilghnéitheach bileog dar dáta 1825 agus 1852 atá sa lámhscríbhinn seo agus filíocht Oiriaila is mó atá inti; feic. Breandán Ó Buachalla, *I mBéal Feirste cois cuain* (Baile Átha Cliath, 1968), 288, uimh. 8, agus Breandán Ó Buachalla, 'Art Mac Bionaid scríobhaí', *Seanchas Ardmhacha* 9/2 (1979), 338–49 (ag 347–8).

²³ Ó Muirgheasa, *Céad de cheoltaibh Uladh*, 313, 314.

²⁴ Tar éis do *The hidden Ireland* le Dónall Ó Corcra a theacht amach (1924), thiocfadh a leithéid chéanna d'áiteamh ón Athair Lorcán Ó Muireadhaigh sa réamhrá a chuir sé lena eagrán de dhánta Sheamais Mhic Cuarta agus ó Sheosamh Mac Grianna, leis, agus é ag díriú airde ar fhilíocht bhreá a cheantair dhúchais féin, Rann na Feirste i dTír Chonaill; feic Lorcán Ua Muireadhaigh, *Ambráin Sheumais Mhic Cbuarta (an chéad chuid)* (Dún Dealgan, 1925), 29–33 agus 'Iolann Fionn', *Filí gan Iomrádh* (Béal Feirste, 1926), 1, 29–31.

²⁵ *The Irish language in Belfast and county Down A.D. 1601–1850* (Dublin, 1930), 7–10; 'Pádraig Mac Giolla Fhionntain (Patrick Mac Alindon) was a Co. Down poet; died 1733' dar le hÓ Muirgheasa (*Céad de cheoltaibh Uladh*, 343).

ag Cuthbert Mhág Craith araon.²⁶ Níor fhág scoláirí Muimhneacha féin Mac a Liondain as an áireamh ach chomh beag: chuir Torna an caoineadh a chum sé ar mhórlaoch Chúige Uladh, Eoghan Rua Ó Néill (*ob.* 1649), i gcló agus dhein Breandán Ó Buachalla amhlaidh i dteannta an amhráin ghrá ar an mnaoi anaithnid (*Inghean Tais na mBánchíoch*) a d'fhoilsigh, fé mar a dúradh anois beag, Charlotte Brooke i dtús báire.²⁷ Thug An tAthair Mag Uidhir an t-iomlán le chéile in aon chnósach deifnídeach amháin, *Pádraig Mac a Liondain: dánta* a d'fhoilsigh Éigse Oiriaila sa bhliain 1977. Cuimsíonn an t-eagrán seo (i) dhá agallamh idir Mhac a Liondain agus a sheanchara, Séamas Dall Mac Cuarta; (ii) an tuireamh ar a bhás le Fearghas Mac an Bheatha dár tagraíodh i dtús na haiste seo; (iii) dánta iomarbhá ina raibh Mac a Liondain agus filí eile rannpháirteach; (iv) roinnt bheag dréachtaí fánacha mar gheall air.

AN OIÐHREACHT LITEARHTHA

Fillimis anois ar an bhfear féin. Ar fhianaise an agallaimh idir Mhac a Liondain agus Séamas Dall Mac Cuarta dar tús ‘An bhfuil tú id dhúiseacht, a úrmhí Eoghain?’, is léir ón mbeannú seo An Daill gurbh é Eoghan (Mac a Liondain) athair an fhile, ach sin a bhfuil d’eolas againn air.²⁸ Is eol dúinn ó thuireamh Fhearghais Mhí an Bheatha gur Siobhán Nic Ardail ab ainm dá mháthair, bean a raibh teist na dea-fhilíochta uirthi chomh maith agus sáreolas aici, leis, ar an seanchas a bhreac Céitinn amach ina shaothar *Foras Feasa ar Éirinn*; agus, bhí dea-cháil ar a sin-seanathair, Toirealach:

Bhí seo gan dearmad de réir scansáil Séathrúin,
 agus fós a lán eile de ghnáth ina céadfa
 ag Siobhán Nic Ardail, an tsáriníon bhéasach,
 Dhonnchaidh mhí Phádraig a thug grá don fhéile,
 mhí Thoirealaigh fear dána chum náimhde a thréadghoin,
 fear fuascailte cána agus sábháil lucht géibhinn,
 fear suáilceach gach tráth a bhí lán den éifeacht;
 ach ó shníomh leis an bhás ar tháinig den Éabhachlann,
 an Rí go ndéana grása ar Phádraig is ar an déa-bhean.²⁹

Ag tarrac dó ar an traidisiún áitiúil, thrácht Nioclás Ó Cearnaigh ar anáil na máthar ar Mhac a Liondain an páiste:

It is related that his mother took particular care to inspire [in] him as far as exhortation was adequate, a taste for music and poetry when a child, and when somewhat farther advanced in years instructed in a knowledge of those branches, as she was an excellent poetess herself. It is traditionally told that when about seven years of age his mother had some doubts on her mind that Patrick was rather dull, and that to test him she assured him he should not have his butter-cake

²⁶ Seosamh Mag Uidhir, ‘Dánta fá chléir Ardmhacha. I. A Rí léir fuasccladh’, *Seanchas Ardmhacha* 1/2 (1955), 161–4; Tomás Ó Fiaich, ‘Dánta fá chléir Ardmhacha. VI. An tAth. Feidhlím Ó hAnluain’, *Seanchas Ardmhacha* 3/2 (1959), 380–4 (ag 382–4); Cuthbert Mhág Craith, *Dán na mBráthar Mionúr* I (Baile Átha Cliath, 1967), 300–1.

²⁷ Torna, ‘Congantóirí Sheáin Uí Dhálaigh’, *Éigse* 1 (1939), 96–101, 173–82, 258–64 (ag 101–2); Breandán Ó Buachalla, *Nua-Dhuanairé cuid II* (Baile Átha Cliath, 1967), uimhreacha 13–14.

²⁸ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 11, l. 1.

²⁹ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 1, ll. 140–8.

that day unless he was a Mac Ardle, and not a dull Lindon, meaning thereby that he should compose something extempore in imitation of his maternal relatives.³⁰

Chum an mac óg véarsa ar an bpointe, dar ndóigh, a thuill idir mholadh agus chiste ime ón máthair mhórálach!

Bhí Pádraig Mac a Liondain eile i gceantar Lios Liatroma (par. Baile Úr, bar. Na Feá Uachtaracha, Co. Ard Mhacha) a bhí suas in aimisir Airt Mhic Cumhaigh sa bhliain 1773. Is dócha gurbh ionann é seo agus ‘Patrick the younger, who though a learned man, never came near his father in merit’, dar le Nioclás Ó Cearnaigh; ach mheas Bunting ar a shon san gur ‘distinguished performer and poet’ ab ea Pádraig Óg.³¹ Luann Ó Cearnaigh iníon Mhic a Liondain chomh maith — ‘Miss Mary Lindon’ nó Máire Nic a Liondain (*fl.* 1770) — agus deir sé gurbh í síúd a chum na dánta *Dealradh an Lae, Fáilte Mhaighistir Ióseph Pluincéad* agus *Coillte Glasa an Triúcha*; agus fós, gur ghlac sí páirt, dar leis, in agallamh beirte le Peadar Ó Doirnín (*c.* 1700–69) dar tús ‘Ba chiúin an tráth bhá tulca ’ mbláth’.³² Chomh maith leis an bhfáiltiú fileata roimh Ióseph Pluincéad (1699–1771) thuas ar theacht chun cónaithe dó i bparóiste Mhaigh nEalta, Co. na Mí — fear den uasalaicme Chaitliceach a chaitheadh go fial le ceoltóirí agus le filí — tá tuireamh ar a bhás dar tús ‘A sheanchríoch Fáil nach náir an scéal duit!’ tagtha anuas in ARÉ LS 24 L 31 agus is ar Mháire Nic a Liondain, leis, a leagtar é seo.³³

Dealraíonn sé nach féidir iontaoibh iomlán a thabhairt lena ndeir Ó Cearnaigh mar gheall ar ar chum Máire Nic a Liondain d’fhillíocht. Mheas Diarmaid Ó Doibhlin, cuirim i gcás, gurbh é Ó Cearnaigh féin a chum *Dealradh an Lae*, cé nár mhínigh sé cén bunús a bhí aige leis an tuairim sin.³⁴ Ba le Peadar Ó Doirnín a luaigh James Clarence Mangan an dán sa réamhrá a chuir sé síúd lena aistriúchán Béarla dar teideal *The Dawning of the Day*.³⁵ I gcás *Coillte Glasa an Triúcha*, amhrán grá dar tús ‘Seo mo lámh dhuit, a chailín, dá dtriallfadh liom chun bealaigh’ (5 v.), ní fheadair Ó Cearnaigh i gceart i gcuntas eile dá chuid arbh í iníon Mhic a Liondain a chum é nó Niall Mac Cana (*fl.* 1700).³⁶ Bíodh san

³⁰ ARÉ LS 23 N 33, lch 36; Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, xv.

³¹ ARÉ LS 23 N 33, lgh 45–7, 49–51 (ag lch 50); Edward Bunting, *The ancient music of Ireland, arranged for the piano forte* (Dublin, 1840), 82.

³² ARÉ LS 23 N 33, lgh 50–1, 53. Chuir Dubhghlas de hÍde leagan den agallamh beirte fara aistriúchán Béarla i gcló (*Abhráin ghrádh Chúige Chonnacht or Love songs of Connacht* (Baile Átha Cliath, 1905), 88–91) a fuair sé i litir a seoladh go dtí an *Nation* ach nár foilsíodh. Ní léir, áfach, cad ’na thaobh gur mheas de hÍde gur le Cúige Chonnacht a bhain an dán féin.

³³ Pádraigín Ní Uallacháin, *A hidden Ulster: people, songs and traditions of Oriel* (Dublin, 2003), 346–7.

³⁴ ‘Maidín chiúin dom cois bhruach na trá’ (4 v.) in Seán Ó Dufaigh & Diarmaid Ó Doibhlin, *Nioclás Ó Cearnaigh: beatha agus saothar* (Baile Átha Cliath, 1989), uimh. 25, agus lch 133 (nóta).

³⁵ ‘The following song, translated from the Irish of O’Doran [*sic*], refers to a singular atmospherical phenomenon said to be sometimes observed at Blackrock, near Dundalk, at daybreak, by the fishermen of that locality ... O’Doran [*sic*] has endeavored to give the legend a political coloring, of which, I apprehend, readers in general will hardly deem it susceptible’ (*James Clarence Mangan: his selected poems* (London, 1897), 188).

³⁶ ‘Neal McCann of Triuch ... most probably was the author of this fine old song; though the prevalent tradition tells that Miss Mary Linden composed it under the name of her brother Patrick’, ARÉ LS 23 E 12, lch 355. Maidir le leaganacha eile den amhrán seo: tá ceann dar tús ‘Mo mhíle slán duitse síos a Thriúcha’ luaite le Niall Mac Cana ag O’Reilly, ‘A chronological account’, cciv. Tá dhá leagan eile dar tús ‘Dar mo lámh duit, a chailín, má ghluaisfir ’un bealaigh’ (8 v.) agus ‘A ógbhruinneall dheas na n-órfholt breá tais’ (4 v.) ag Ó Muirgheasa, *Céad de cheoltaibh Uladh*, uimhreacha 75–6, agus lgh 286–91; cf. Angela Bourke, Siobhán Kilfeather *et al.* (eag.), *The Field Day anthology of Irish writing volume in and v* (Cork, 2002), iv, 436–8, agus Ní Uallacháin, *A Hidden Ulster*, 224–7. Tá leagan eile fós dar tús ‘A chúl álainn tais na bhfáinní

mar atá, áitíonn Nioclás Ó Cearnaigh gur bhog Máire agus a deartháir, Pádraig Óg, leo go gaolta dá gcuid sa Charraig Léith, Co. Lú, ar bhás a n-athar:

Lindon's children felt a change of fortune after the death of their father; they were obliged to leave their native sod and take refuge among their relatives in the County Louth. Patrick settled in the condition of a respectable farmer at Carrick-Leith in the parish of Louth among the relatives of his wife whose name was Mac Bride, and the Mac Ardles his maternal relatives. Miss Mary lived in the same neighbourhood to a good old age.³⁷

Maidir leis an 'change of fortune' anseo a bhain do leanaí Mhic a Liondain tar éis bhás a n-athar, dhein feirmeoir rathúil go maith de Mhac a Liondain féin lena linn ar fhianaise an agallaimh idir é agus Séamas Dall Mac Cuarta dar tús 'Faoi mhala Shliabh Crúb, má bhainimse fúm'. Bhí teist na féile agus na flaithiúlachta air i measc na gcomharsan agus chaitheadh sé go fial i gcónaí le filí agus le scoláirí trí chéile a bhuaileadh chuige. Bhíodh 'plumaí agus úlla' ag fás ar a chuid 'talta breátha úra'; bhíodh 'arán glan gléigeal', tarrac ar 'uisce beatha daor agus *March beer*' aimsir na stáisiún agus an chléir sa tigh aige; agus bhíodh 'cláirseach na dtéad ag seinm lena dtaobh / is lucht ealaíne ag síorchur dánta'.³⁸ Bhain an ceol go mór leis an sórt seo cuideachtan, gan dabht, rud a spreag An Dall Mac Cuarta chun comhlúadar ceolmhar Mhic a Liondain a bhuanú i bhfoirm filíochta:

Cé táimse dall, de ghnáth i ndólás,
tugann tú domhsa síth is sólás,
múchann mairg is triomaíonn deora
is ardaíonn mise i ngar na córa:
acht amháin a iarraim ortsa,
iar scaradh mo anma le mo chorpasa
go seinnfidh tusa ar mo uaighse
triamhain a bhainfidh deor ó ghruanna.³⁹

'Leon ar leabhar' an breithiúnas air a thug Pádraig Ó Prontaigh a luadh thuas, agus duine, dar leis, 'dar dhual go cinnte ar fhéile, / a shíneadh fós gan ghó mórchabhair / don té a bhíodh in ainbhios téama'.⁴⁰

AN FHILÍOCHT

Tabharfar scothbhualadh éadtrom i gcuid dheiridh na haiste seo anois do chuid den bhfilíocht féin a chum Mac a Liondain, ag tosnú leis an déantús Seacaibíteach *Dán Bhriain Uí Cheallaigh*. A bhfuil anseo againn, is geall le scáthán é ar dhearcadh an phobaíl a bhí, is léir, lán de dhóchas go raibh an Stíobhartach, Séamas III, le filleadh ar ais mar Rí ar na trí ríochta, Sasana, Alba agus Éire. Fé mar is dual go minic i bhfilíocht Oiriaila trí chéile,

cas' (4 v.) fara aistriúchán i gcló in Seán Ó Tuama & Thomas Kinsella, *An duanaire 1600–1900: poems of the dispossessed* (Port Laoise, 1981), 280–3. Táim buíoch de Pheadar Ó Ceannabháin as iad seo a phlé liom.

³⁷ ARÉ LS 23 N 33, lch 51.

³⁸ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 12.

³⁹ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 21a, ll. 9–16.

⁴⁰ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 21b, ll. 9–12.

glacann taoiseach dúchais — Brian Ó Ceallaigh sa chás seo — ionad an Stíobhartaigh mar shlánaitheoir ar an bpobal i bhfilíocht Sheacaibíteach na Mumhan:

Is é Brian Ó Ceallaigh an tréanfhear, cathach, bleachtmhar, Gaelach
ar dteacht isteach as éiclips na ré anois go nua,
le lasfar ceart do Ghaela, gan stad an fad is [*leg.* budh] léir dó,
acht ag gearradh, creachadh, tréaghdadh [*leg.* treaghdadh] is ag téarnú na slua.

Is [*leg.* Budh] fearúil, tapaidh tréitheach an mac seo [*leg.* so] ar each ag léimneach,
ar gcasadh isteach don réacs[a], an treas Séamas le bua;
gach neach nach nglacann géilleadh, beidh dalta dleacht an tsléibhe
le cleasa brasa na mbéimeann(a) á gcréachtadh go luath.⁴¹

Ní fios cén Ceallach atá i gceist ag Mac a Liondain anseo. Luaigh an fear eagair go mb'fhéidir gurb ionann é agus an file áitiúil Brian Ó Ceallaigh a raibh conspóid aige le Séamas Dall Mac Cuarta. San agallamh fileata eatarthu dar teideal *A Lucht an tSuarcais* cuireann siad an milleán ar a chéile mar gheall ar an drochíde a tugadh do chapail.⁴² Dá m'fhíor san, aoir, ar shlí, air siúd a thug féna chara, An Dall, a bheadh ar bun ag Mac a Liondain ina dhán thuas. Ní móide, áfach, gur aoir in aon chor é *Dán Bbriaín Uí Cheallaigh*: tá sé lán de dhóchas Seacaibíteach go bhfillfidh Ceallach laochúil (nach eol ón dán cé hé féin) agus é sin mar cheannaire cumasach cróga chun a phobal dúchais a shlánú.

Ceannaire polaitiúil eile fós a sheasann amach i bhfilíocht Mhic a Liondain is ea Eoghan Rua Ó Néill, ní nach ionadh, an ríloch *par excellence*, agus taoiseach dúchais agus dóchais Éireann sa chéad leath den seachtú céad déag. Dob é siúd 'buachaill bán na nGael, go háirithe i measc na nUltach'⁴³ agus fágadh Éire gan céile cosanta tar éis a bháis. Ina chaoineadh ar Eoghan Rua dar tús 'Níl stáidbhean tséimh de Ghaelaibh beo, monuar', breacann Mac a Liondain amach cad é éadóchas atá forleathan in Éirinn a linne ó cailleadh an té a d'fhill abhaile ar Éirinn ón Ísiltír Spáinneach agus a bhris cath na Binne Boirbe go máistriúil ar Robert Monro i Meitheamh na bliana 1646. Tá an t-éadóchas chomh forleathan san go bhfuil a rian le feiscint go fisiciúil sa nádúir féin: tá éisc ag fáil bháis 'tré mhéid an reoidh, [agus] tré fhuacht', tá éin fágtha go 'fáslag', níl ar chumas an bhradáin léimt fé mar is dual do 'ar bheochuil suas' ná ní labhrann an chuach a thuilleadh. Dá olcas san, is measa fós é gur geall le méirdreach Éire anois — 'Banba féin, an mhéirdreach bheo dhubh, an truaill' — a thréig a clann féin agus a bhunaigh dá réir forlámhas Gall in Éirinn.⁴⁴ Tá an dé deiridh sroiste, dar le Mac a Liondain, agus gan aon dóchas a thuilleadh aige do dhála na nGael:

⁴¹ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 4, ll. 1–8. Tugaim fáistineach na copailé thuas (*pace* Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, ll. 3, 5) fé mar atá sna lámhscríbhinní — ciúta tábhachtach breise a chuireann leis an dóchas comhaimseartha go bhfuil slánú le teacht. Tá an litir *a* i dtéacs Mhig Uidhir (l. 8) curtha idir lúbíní cruinne agam, i.e. tá sé le baint amach.

⁴² Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain* 67, n. 1. Tá an t-agallamh féin i gcló in Seán Ó Gallchóir, *Séamas Dall Mac Cuarta: dánta* (Baile Átha Cliath, 1971), uimh. 13.

⁴³ Breandán Ó Buachalla, *Aisling Gbéar: na Stíobhartaigh agus an t-aos léinn 1603–1788* (Baile Átha Cliath, 1996), 521.

⁴⁴ Ó Buachalla, *Nua-Dhuanaire cuid II*, uimh. 14, ll. 9–11, 22; cf. Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 2, ll. 9–11, 22. 'Fódlá an truaill' atá ag Muiris Ó Gormáin ina chaoineadh síd ar Eoghan Rua dar tús 'Níl fáth do shéanadh an scéal atá i gcló go nua' (8 v.) a bhí, is cosúil, fé anáil dhán Mhic a Liondain thuas; feic Mac Cathmhaoil, *Muiris Ó Gormáin*, uimh. 1, agus lch 148.

Gan ábhar Phoenix [*leg.* Phoénix] éigin beo san luaith,
gan ál dá éis, nó aon a d'fhóirfeadh ár nguais,
gan fál fá Éire ach faolchoin ag strócadh ár n-uain,
ó dáileadh cré, mo léan, le hEoghan Rua.⁴⁵

Is le híomhá éifeachtach an Phoénix anseo a chríochnaíonn an caoineadh agus tá a mhacalla san le clos i gcaoineadh eile, an ceann is mó cáil, b'fhéidir, ar bhás Eoghain Rua, i.e. *An Síogaí Rómbánach*, mar a gcreideann an file 'dá maireadh an t-éan so, / nach biadh an ealta so i leabaidh na bhfoenix [*leg.* bhfoénix] / is nach faigheadh Gaill ná Crombhuil géilleadh / amhail mar fuair an uair d'éag siod'.⁴⁶ Ní hamháin go gcuireann tagairt bhíoblúil na bhfaolchon thuas clabhsúr bladhmannach ar dhán Mhic a Liondain, ach tá an guth bladhmannach, go fiú caint sheicteach, le clos i ndánta eile dá chuid chomh maith. Ina dhán moltach, mar shampla, ar Aodh Mac Mathghamhna, Ardeaspag Ard Mhacha a luadh níos túisce anseo, ionannaíonn an file an tArdeaspag le Maoise an tSean-Tiomna, iad araon 'ag díbirt uabhar na n-éiriceach' agus 'ag díbirt íol'.⁴⁷ Dála Judith a bhain an ceann den 'lúiste' Holofernes an creachadóir i gcaibidil 3 den leabhar seo an tSean-Tiomna, áitíonn Mac a Liondain le binb mhíchuíosach:

Is é is is barúil domhsa, gan chead do Liútar,
go leagfaidh glúin orthu an Mhaighdean,
is í is treise i gcúirteanna ná seisear giúistís
le misneach a dhúiseacht do Ghaela.⁴⁸

Díríonn an file aird ar leith ar an oidhreacht uasal Ghaelach in Oiriaila dar di an tEaspag féin, 'an flaith': is é 'Aodh de fhréamh Cholla dhá Chríoch' é a thuilleann dá réir an stádas 'ceann ár gcléire faoi thíortha Éireann'.⁴⁹ Ar ndóin, tugann an tagairt do 'Cholla dhá Chríoch' le fios dúinn go raibh cur amach ag Mac a Liondain ar a raibh le háiteamh ag Séathrún Céitinn in *Foras Feasa ar Éirinn* gurbh é an Colla áirithe seo sinsear thrí cinn de mhórtheaghlaigh Ultacha, mar atá Mag Uidhir, Ó hAnluain, agus, sinsir an Ard Easpaig Aodh féin, muintir Mhic Mhathghamhna.⁵⁰

Filltear ar shaothar Chéitinn i ndán molta eile fós, arís ar bhall den chléir Chaitliceach ar tagraíodh níos túisce anseo dó, an tAthair Feidhlim Ó hAnluain, duine de mhuintir Anluain ó dheisceart Ard Mhacha a oileadh ar an Mór-Roinn agus a d'fhill ar Éirinn timpeall 1720–30.⁵¹ Ní hamháin gur thug Mac a Liondain 'Foras Feasa' mar ainm ar an sagart seo toisc a raibh de léann air, dar leis, ach rianaigh sé oidhreacht sheanbhunaithe an tsagairt siar go dtí Muireadhach, céadainm Cholla dá Chríoch, fé mar a bhreac Céitinn amach é in *Foras Feasa ar Éirinn*:

⁴⁵ Ó Buachalla, *Nua-Dhuanaire cuid II*, uimh. 14, ll. 25–8; cf. Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 2, ll. 25–8.

⁴⁶ Cecile O'Rahilly, *Five seventeenth-century political poems* (Dublin, 1952), 17–32 (ag 26, ll. 196–9).

⁴⁷ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 3, ll. 3, 42; cf. n. 26 thuas.

⁴⁸ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 3, ll. 31–2.

⁴⁹ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 3, ll. 17, 34.

⁵⁰ *Foras Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn, D.D.*, eag. David Comyn & Patrick S. Dinneen (4 iml., Irish Texts Society, iv, viii–ix, xv, London, 1902–14), viii, 100.

⁵¹ Ó Fiaich, 'Dánta fá chléir Ardmhacha', 382; cf. n. 26 thuas.

Cé hard an t-iarsma ór fhás
ní náir go nua nó de sheanghnás
d’fhuil uaibhreach Cholla na gcreach
ar dteacht don fhial ó Mhuireadhach.⁵²

Ar chuma chlabhsúr an dán thuasluaite in ómós don Easpag Mac Mathghamhna a bhaineann macalla soiléir as an mbíobla, is amhlaidh atá anseo arís sa tagairt don tréad caorach:

Do do thréad i mbaoghal báis,
teagasc, mo churaidh, i gcompáis,
a léitheoir léighinn — an luan
d’fhuil éachtach fhial Uí Anluain.⁵³

Tá na dánta ar Bhrian Ó Ceallaigh, ar Eoghan Rua Ó Néill, ar an Easpag Aodh Mac Mathghamhna agus ar an Athair Feidhlim Ó hAnluain ar maos le mórtas as an gcine dúchasach Gaelach, gan dabht, ach leanann fórsa fíochmhar cosanta an mórtas céanna ar uairibh. Guth fórsúil atá le clos san aoir *Brian Ó Cuagáin*, mar shampla, ina dtugann Mac a Liondain aghaidh a chaoraíochta ar fhile ó cheantar na hAnáí ar an teorainn idir chontaetha na Mí agus Bhaile Átha Cliath as baint ó dhea-cháil Shéamais Mhic Cuarta agus ó cháil fhilí Oiriolla trí chéile. Gabhann ráig fhíochmhar próis mar réamhrá leis an dán nach bhfágann thíos ná thuas é ar an té atá daortha agus a chríochnaíonn mar seo a leanas:

Anois ós follas bréagach i ngach uile ghné aiste tú, a thruaill dhona dhobharnach, molaim duit éalú i ngleannta diamhra do-eolais in áit nach bhfaightear fios go brách cé an breallán bodaigh tú.
Bathalach manránach, salach séideánach, carrach caolsrónach, cabach craosfhiacloch, giobach garbhthollach, mongach mísciamhach, briste bronnsalach, bealaithe bréandéadach, cladaí ceannsmugach, curcach cúrbhéalach, an gealtán éidreorach, frithir fuasaoideach, faiteach fiarnósach, caslom cnádánach, beadaí burdúnach, brollaí bréanladhrach, tuirseach tuath-theangach, liosta loth-threainneach, an gadaí colgánach, dona dearmadach, tútach trasnach, stadach díobhálach. Níor ghnách an truailléanach riamh guasachtach ach de shíor ag bóinteoireacht i measc na gcrónchailleach, an toice éagruthach falcach fiaránach.⁵⁴

Mar chuid den ngreadadh a thugann Mac a Liondain don gCuagánach agus é á spídeadh ó thalamh sa dán féin, tráchtann sé ar a mháchailí coirp, ina measc gur ‘cuisleannach gné a éadain’, go bhfuil ‘scadmhuineál caol féithreamhar / casta go cluais’ aige agus go bhfuil ‘a dhearca mar sméara ar aonslogadh / isteach ann faoi stuaic’. Ní duine daonna in aon chor é ach ‘torc gruama ón chruaphis’, ‘ápa bocht bréan bréagach’, ‘cat ar bheann sléibhe’ go fiú ‘feithid’.⁵⁵ Ba chuid dhílis a leithéid de chód feannta, dídhaonnaithe i dtraidisiúin Gaelach na seachtú agus na hochtú haoise déag, go háirithe i measc fhilí Oiriolla agus

⁵² Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 6, ll. 29–32; cf. Comyn & Dinneen, *Foras Feasa ar Éirinn*, ii, 358.

⁵³ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 6, ll. 45–8; cf. Salm 119: 176 agus 1 Pead. 2: 25.

⁵⁴ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 8a, ll. 68–82.

⁵⁵ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 8a, ll. 86, 95, 99, 101, 103, 105.

Mhic Dhomhnaill na hAlban.⁵⁶ Más ‘de dharta na ndrúa’ a bhuaifidh an file ‘an daoí chun báis’ i véarsa tosaigh an dáin, tagraíonn sé ina chlabhsúr do dharta ‘ón taobh thuaidh’ a fhágfaidh an Cuagánach go brách ‘i bpéin ó ghéarghoin’.⁵⁷ Tháinig a leithéid, chomh maith, nuair a scaoil mórfhile eile an cheantair, Randall Dall Mac Domhnaill, darta binbeacha dá sórt le ‘Brian bocht Ó Cuagáin’, an truán:

A thruáin is truailí is is gránna gnaoi
do mhúscail mé an uair seo i do dháil le fíoch,
le fuaim shnasta bhuan bhlasta bharr mo theanga
scuabfaidh mé an ghruaig is na fabhraí díot.

A thruaghealtáin ór theastaigh gach múineadh ceart
nó an meas duit go ligfinn mo chúrsaí leat.
Bím gan uilleanna ag buillí á mbualadh seal
is mé an file d’fhuil Cholla dar dhual an ceap.

Is tusa an seanchú den aicme úd gan dúil i spórt
a bhíodh sealad go taithíoch faoi ghlúin na brón,
ag siúd barúil don fhaisean ba dhúcha don phór
ag ithe alpán is gan altú le Críost go deo.⁵⁸

Maíonn Randall Dall ansan go bhfuil ‘an dúil dhiabhláí dhodhealfa’ curtha san uaigh, rud a spreagann é chun casadh ar mharbhna atá chomh fiantasúil céanna de léasadh teangan agus a thug sé d’Ó Cuagáin san aoir. Na saothair seo le Mac a Liondain agus le Mac Domhnaill araon, is cuid iad, dar ndóigh, de thraidisiún na haoire a bhí riamh in Éirinn ó aimsir na Luath-Ghaeilge anall: bhí an tuiscint fós ann gurbh uirlis mharfach an aoir féin a raibh de chumhacht aici duine (nó ainmhí) a ghoint nó fós a mharú.⁵⁹

I dteannta na dáiríreachta, bhain an magadh go mór le Mac a Liondain chomh maith, gan amhras, mar shampla sa dán dar tús:

Feacht n-aon dá raibh mé in uaigneas
i mbruín uasal fhásach,
níor chodail mé, is mé im aonar,
go meadhon oíche an tráth sin.⁶⁰

Ar nós aislingí fáthchiallacha an ochtú céad déag, is sa chéad phearsa atá an insint anseo agus ar láthair dhiamhair atá an *mise en scène*. Má tá, titeann nithe chun na háiféise ar fad ón dara véarsa ar aghaidh, mar a bhfuil cleithireacht mhagaidh ar bun fé Shéamas Ó Maolagáin éigin: seachas spéirbhean álainn a theacht go dtí an file agus é ina chodladh,

⁵⁶ Terence McCaughey, ‘Bards, beasts and men’ in Donnchadh Ó Corráin, Liam Breatnach & Kim McCone (eag.), *Sages, saints and storytellers: Celtic Studies in honour of Professor James Carney* (Maynooth, 1989), 102–21 (ag 111–19).

⁵⁷ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 8b, ll. 83, 106.

⁵⁸ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 8b, ll. 31–42.

⁵⁹ Seosamh Watson, ‘Aortha: ainmhithe agus eile’, *Eighteenth-century Ireland. Iris an dá chultúr* 1 (1986), 89–95; Roisín McLaughlin, ‘A threat of satire by Tadhg (Mac Dáire) Mac Bruaideadha’, *Ériu* 55 (2005), 37–57 (ag 37–41); Máirtín Ó Briain, ‘Satire in seventeenth- and eighteenth-century Gaelic poetry’ in Joseph Falaky Nagy (eag.), *Memory and the modern in Celtic languages*, CSNA Yearbook 5 (Dublin, 2006), 118–42; Roisín McLaughlin, *Early Irish satire* (Dublin, 2008).

⁶⁰ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 9a.

dúisíonn ‘srann uafar á séideadh’ ag ‘gruagach na bruíne’ é, a bhí, dar leis, ‘mar fhuaim réimthoinne farraige’. (Níl an cur síos áibhéileach ar an ngruagach, dála san, neamhchosúil leis an tuairisc a thug Brian Merriman ar an mbáille mná i dtús *Cúirt an Mbeán Oíche*.) Tromluí in áit aislinge a déantar do Mhac a Liondain le ceart agus an Maolagánach, an frithlaoch, ina lár. Tá gach cleas dá raibh riamh ar chumas Chú Chulainn (‘daltán Aoife’) nó Naoise á imirt ar a thoil aige ach ‘gur threise shíolaigh sé’ ná ceachtar díobh san agus é ‘i ngleic an phíce’.⁶¹ Leide eile gur chun na háiféise atáthar anseo is ea foirm na crosántachta féin a bheith in ócáid mar go leanann athinsint phróis ceithre véarsaí an dáin a théann roimhe. Spreagann scigmhagadh Mhic a Liondain freagra spórtúil crosántachta ón Athair Donnchadh Mac Cathasaigh ina gcáineann an sagart a chara as a chuid ‘aineolais’ mar dhea — fianaise chliathánach is ea í seo, gan dabht, ar an gcairdeas idir Mhac a Liondain agus sagart a cheantair féin.⁶² Píosa breá grinn atá ar bun idir an bheirt acu, mar sin, agus is cuid de thraidisiún leathan an ghrinn é a bhain le litríocht Oiriaila trí chéile san ochtú agus sa naoú céad déag.

Baineann Mac a Liondain casadh eile as *genre* na haislinge sa cheap magaidh a dhéanann sé den té a mbeadh mórchuid measa aige air féin, fé mar atá, mar shampla, sa dán *Conchúr beag dólís dubh*.⁶³ Is le híoróin a mholann an file an Conchúr seo sna véarsaí tosaigh as a dheiseacht chun seinnte ar an bhfliúit agus ar an gcláirseach. Duine dearóil, suarach is ea é go smior, áfach, nach n-éiríonn leis an spéirbhean a thagann chuige a mhealladh chun fanúint aige. San agallamh idir an bheirt acu, diúltaíonn sí don gcumann is mian le Conchúr a bheith aige léi mar nach bhfuil tuillte aige, dar léi, ach bean a mbeadh taithí aici ar shaol duairc an sclábhaí agus ar dhaorshaothar na brón. Seachanaítear mar sin an t-éirí in airde!

Ní miste le Mac a Liondain a bheith ag spochairacht as na mná chomh maith fé mar atá ar bun aige sa dán dar tús ‘Is móidim feasta ón am seo / go haimsir a dtiocfaidh an bás, / nach ndoirtim tuile ansachta / do bhantracht na leabharlámh’. Óna thaithe féin, is deacair leis an bhfile iontaoibh a thabhairt le haon bhean:

Ach tráth d’éirigh ár nguthanna in airde
 agus d’athraíomar staid faoin bhord,
 thug sitheadh amach faoin stábla
 is a bráthair i ngar dá deoin,
 is tar éis na ngealladh lámh sin
 do Phádraig le siollaí beoil
 is don mhistéir eile a d’aomh an caile
 a dílseacht is a póg.⁶⁴

Tóin (in áit *póg* an eagráin fhoilsithe) atá sa líne dheiridh seo i gcúig as na sé foinsí lámhscríbhinne,⁶⁵ léamh a thagann go hálainn, braithim, le meanma an ghrinn ar an mnaoi anaithnid sa dán tríd síos. Pé ar domhan é, chum Mac a Liondain dánta grá, leis, ar mhná (nó ar aon bhean amháin). Láimhseáil nósúil atá iontu seo ar áilleacht fhisiciúil mná nach n-ainmníonn sé agus ní foláir leis, ar chuma fhilíocht Oiriaila trí chéile, trácht ar a

⁶¹ Dáithí Ó Luineacháin, *Ó ghlómáil go giniúint: foiclóir na collaíochta* (Baile Átha Cliath, 1997), s.v. ga; píce.

⁶² Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 9b.

⁶³ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 10.

⁶⁴ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 19, ll. 29–32.

⁶⁵ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, 91, 92.

bua chun bróidnéireachta agus ar ainmhithe ba dheas léi a bhreacadh ar éadach —‘is dealbhach oibríodh a meor mín / ar sról síos le sraonadh lámh’, mar shampla, nó fós ‘Treabhann sí i mbrata caomha / an dabharchú, an faol is an rón, / is ina scaoth muca mara / le barra maotha míne meor’.⁶⁶

Dála fianaise na filíochta ón ochtú agus ón naoú céad déag a léiríonn go mbíodh coidreamh ag filí i gceantair éagsúla ar a chéile, tá sí ann i ndánta Mhic a Liondain chomh maith. Bhí teagmháil idir é féin agus Fléimeannaigh Shláine, cuirim i gcás — tá a dheimhniú seo sa dán *Tuireamb Cháit Béilín* a chum sé in ómós do chéile Niocláis Fléimeann, ‘bráthair Bharún Sláine ó chois Bóinne’.⁶⁷ San agallamh idir é agus An Dall Mac Cuarta dar tús ‘An bhfuil tú id dhúiseacht, a úrmhic Eoghain?’ a luadh níos túisce anseo, is léir go mbíodh coidreamh rialta ar Cho. na Mí ag spailpíní Ard Mhacha. Ag seasamh an fhóid ar son a chontae dhúchais, áitíonn Mac a Liondain nach ‘rachadh fir Ard Mhacha go brách a chois Bóinne / mar gheall ar bhur bpá nó a tharrtháil bhur bhfómhair’ ach chun ‘foireann páistí a chur i mná bhur bhfear pósta’.⁶⁸ Callán atá ar bun ag Mac Cuarta, dar leis, agus tá an droch-cháil ar oibríthe Ard Mhacha i measc mhná na Mí éagórach:

Nach mí-ghrásúil an gníomh do mhná buí na Bóinne
a ndoirse bheith sparrtha acu ar ard an tráthnóna
trí bholta cláir a bheith fáiscithe ar a gcomhla
le heagla go bhfaighfeadh [*leg.* bhfaigheadh] strainséir áit ann nó lóistín?
Agus éist le do challán, agus éist.⁶⁹

Is chun spóirt atáthar anseo, dar ndóigh, mar gur dhlúthchara do Mhac a Liondain Séamas Mac Cuarta ar ar thug sé ‘leannán fire na sua / ansacht gach ríoghan dreachshnua’.⁷⁰ Nuair a cailleadh An Dall i bhFeabhra na bliana 1733, chum Mac a Liondain caoineadh air dar tús ‘Dá roinntú d’ionmhas liom a théampaill, / ós cás faoi do chlann gurb ann atá Séamas’. Tá, gan dabht, moladh nósúil an chaointe ar éirim, ar intleacht agus ar chumas an té atá imithe; ach tá, leis, ann brón pearsanta agus uaigneas i ndiaidh carad, agus cuimhní anois air mar dhuine:

Mo ghruaim tuirse bheith in uaigh duit, a Shéamais,
gan chualláí san uaimh is tú id aonaor,
a shuaircfhir a bhí gan uabhar, gan éagóir.
Ba tú an t-uaithne le fuaiseamh fear Éireann —
i dteach coirme ba shoilbhir ar féasta
seanchaí gan amhgar, gan bhéim air —
is gach dream dár shealbhaigh críoch Fhéidhlim
ó aimsir go haimsir nach léir dó,

⁶⁶ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 16, l. 15 agus uimh. 17, ll. 9–10, fá seach; feic, leis, Tomás Ó Fiaich, ‘Filíocht Uladh mar fhoirse don stair shóisialta san 18ú haois’, *Studia Hibernica* 11 (1971), 80–129 (ag 110–11); Ó Fiaich, *Art Mac Cumbaigh*, 146, n. 43–4.

⁶⁷ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 14.

⁶⁸ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 11, ll. 17–19.

⁶⁹ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 11, ll. 26–30. ‘Bolta’ thuas ó *bol*, ar ndóin, sampla d’iasacht ón mBéarla atá ar fáil go coitianta i bhfilíocht an ochtú céad déag i gCúige Uladh trí chéile; feic Seosamh Watson, ‘Coimhlint an dá chultúr — Gaeil agus Gaill i bhfilíocht Chúige Uladh san ochtú haois déag’, *Eighteenth-century Ireland. Iris an dá chultúr* 3 (1988), 85–104 (ag 102–4).

⁷⁰ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 5a, ll. 1–2.

gan mheabhal mar dhearbhscaoil a ngéaga.⁷¹

Tá mná sí éagsúla ag gol go fuíoch i ndiaidh an té a cailleadh — móitíf chomónta i gcaointe agus i marbhnaí Gaeilge, gan dabht — agus leanann ciúta an athraithe pearsan nuair a labhrann an file go díreach le ‘mo Shéamas’ sa dara pearsa uatha ach go gcasann sé ansan ar labhairt ar a charaid sa treas pearsa uatha:

Ach cad é ab áil leo is nach sámh le mo Shéamas
dul chun a n-árais mar a d’fhás do na déithe;
ach do chuairtse, a Mhic Cuarta, go ndéana tú
ag an Rí a d’fhuascail gan truailleadh as péin tú,
is gura beo fíor in [*leg. i*] nglóir shíoraí an té seo
a chuir dóigh chaointe, thórraimh is chríche déanaí
ar an tóirse a bhí clóilíonta béalbhinn,
is gach snóríon róslíonta, dhéadgheal
a bhí a fhóirithint sa chló chéan[n]a ag géimneach,
go seola iar ndul in uaimh chaol i gcré síos
an tEolas agus na naoi dtóstal Mhic Dé dóibh.⁷²

Mí ina dhiaidh sin bheadh Mac a Liondain féin sa chré agus Fearghas Mac an Bheatha ag caoineadh é a ‘bheith sínte faoin liag seo i gcreapall go cruu’.⁷³

FOCAL SCOIR

Luadh i dtús na haiste seo an chomaoín mhór a chuir Énrí Ó Muirgheasa ar scoláireacht na Nua-Ghaeilge nuair a d’fhoilsigh sé seoda liteartha ó Oiriaila agus ó Chúige Uladh trí chéile as lámhscríbhinní a bhí ina sheilbh phríobháideach. Tá foinsí dá sórt fós ag teacht chun solais lenár linn féin, ina measc lámhscríbhinn dar teideal ‘Leabhar Aodha Mhic Dhomhnaill’ atá ar coimeád inniu i Leabharlann agus Cartlann Chuimhneacháin an Chairdinéil Tomás Ó Fiaich in Ard Mhacha, agus a bhfuil catalógú fós le déanamh uirthi. Bailiúchán ilghnéitheach de théacsaí próis agus filíochta a bhaineann le hOiriaila go háirithe is ábhar di seo, dánta le Pádraig Mac a Liondain ina measc, agus is cosúil gur i gcaogaidí an naoú céad déag a theaglamaigh Aodh Mac Domhnaill (1802–67) cuid dá bhfuil inti.⁷⁴ Tá dhá lámhscríbhinn eile fós le hArt Mac Bionaid tagtha chun solais le fíordhéanaí, mar atá LS 7 agus LS 8 i mbailiúchán an Athar Luke Donnellan (1878-1952), a bhí imithe ó thuairisc ar feadh na mblianta agus atá ar caomhnú chomh maith sa Leabharlann chéanna. Seo cuid dá ndúirt an Moinsíneoir Réamonn Ó Muirí ina dtaobh:

⁷¹ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 13, ll. 33–41.

⁷² Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 13, ll. 72–82. Mar le hathrú pearsan an tsleachta thuas, feic Colm Ó Baoill, ‘Person-shifting in Gaelic verse’, *Celtica* 21 (1990), 377–92 (ag 381).

⁷³ Mag Uidhir, *Pádraig Mac a Liondain*, uimh. 1, l. 120.

⁷⁴ Réamonn Ó Muirí, ‘The Gaelic manuscripts in the Ó Fiaich Library / Archive’, *Seanchas Ard Mhacha* 23/2 (2011), 66–75 (ag 72, 74). Mar le hAodh Mac Domhnaill, file agus scríobhaí ó thuaisceart na Mí, de dhealamh, ach a mhair formhór a shaoil in Aontroim agus i dTír Chonaill, feic m.sh. Colm Becket, *Fealsúnacht Aodha Mhic Dhombnaill* (Baile Átha Cliath, 1967); Colm Becket, *Aodh Mac Domhnaill: dánta* (Baile Átha Cliath, 1987); Ó Buachalla, *I mBéal Feirste cois cuain*, 113–21, 178–209.

Don[nellan MS] 7 (300 pp. poetry of Oirialla generally, written 1855–6 by Art Mac Bionaid) and Don[nellan MS] 8 (120 pp. poetry and prose of Oirialla generally, dated at end 1st July 1856, written by Art Mac Bionaid, marked also ‘MS C’) were once lamented by Tomás Ó Fiaich and others as missing. Fortunately they turned up again among the Cardinal’s papers; it may be that whoever had once borrowed them returned them. Don[nellan MS] 7 is a beautiful anthology carefully written by Art Mac Bionaid and portraying his own taste: a solid collection of the poems of Peadar Ó Doirnín, Art Mac Cumhaidh, Séamas Dall Mac Cuarta, Pádraig Mac a Liondain, and numerous poems by himself. But there are poems by others [Pilib ‘An Ministir’ / ‘Parson’ Mac Brádaigh, Cathal Buí Mac Giolla Ghunna, Raghnaill Mac Domhnaill, Niall Óg Mac Murchaidh, Cathal Mac Cába agus Muiris Ó Mocháin]

Don[nellan MS] 8 has some devotional and polemic literature (including pieces by Art Mac Bionaid himself), Fiannaíocht narratives, and poems of Séamas Mac Cuarta, Peadar Ó Doirnín, Pádraig Mac a Liondain, Cathal Buí Mac Giolla Ghunna, Niall Óg Mhac Mhurchaidh, Thomas Dease, Seafran Fionn Ó Dálaigh.⁷⁵

Ag fágaint ilghnéitheacht an ábhair féin as an áireamh, téacsáí canónda atá curtha i dtoll a chéile ag Mac Bionaid sa dá lámhscríbhinn seo agus i measc na bhfilí tábhachtacha ó thuaisceart na tíre, pearsa láir is ea Pádraig Mac a Liondain — ‘bard bhí i stát ins an chrích seo’.⁷⁶

MEIDHBHÍN NÍ ÚRDAIL

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

⁷⁵ Ó Muiri, ‘The Gaelic Manuscripts in the Ó Fiaich Library / Archive’, 70, 71. Baineann formhór na bhfilí thuas le hOirialla. Mar le liosta fhilí na dúthaí, feic Tomás Ó Fiaich, ‘Poets and scholars of Creggan parish’, *Journal of the Creggan History Society* 1 (1986), 55–67; Trimble, ‘Poets, minor poets and poetasters in Oirialla’; Trimble, ‘Filí, mionfhilí agus rannairí in Oirialla’.

⁷⁶ Táim fíorbhuíoch de Roddy Hegarty, Stiúrthóir Leabharlann agus Chartlann Chuimhneacháin an Chairdinéil Tomás Ó Fiaich, as pointí soiléirithe i dtaobh lámhscríbhinní i seilbh na hinstitiúide sin. Tá buíochas ar leith, leis, agam ar an Dr Roibeárd Ó hÚrdail as a thuairimí ar dhréacht den aiste seo.